



Lárionad Náisiúnta *um* Threoir *san* Oideachas  

---

National Centre *for* Guidance *in* Education

## RÁITEAS BLIANTÚIL ASCHUIR 2015

## CLÁR

Brollach ón gCathaoirleach .....	5
Nóta an Stiúirthóra.....	6
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas.....	7
1. Coiste um Bhainistiú Treorach .....	10
Fochoiste Airgeadais .....	10
Gníomhaíochtaí Bainistíochta agus Eagraíochta.....	10
2. Gníomhaíochtaí Iar-bhunscoile .....	12
Acmhainní agus ábhair a sholáthar d'Iar-bhunscoileanna .....	12
Íoslódálacha .....	12
Coistí agus Grúpaí Oibre.....	13
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sholáthar do threoirchomhairleoirí in iar- bhunscoileanna.....	15
3. Gníomhaíochtaí in Earnáil an Bhunoideachais agus an Oideachais Neamhghairmiúil .....	16
4. Gníomhaíochtaí in Earnáil an Aosoideachais/an Bhreiseoideachais agus na hOiliúna .....	17
Comhordú AEGI.....	17
Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna ROS - Coiste Comhairleach um FHORFHEIDHMIÚ STRAITÉISEACH SOLAS (SIAC) .....	17
PLSS .....	18
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.....	18
Lámhleabhar Gréasán-Bhunaithe AEGI .....	19
5. Gníomhaíochtaí Ardoideachais.....	20
<b>Stiúirthóir Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC) .....</b>	<b>20</b>
6. Gníomhaíochtaí in Earnáil Treorach na hEorpa .....	22
<b>Euroguidance .....</b>	<b>22</b>
<b>Modúil FGL ar Threoirchomhairleoireacht Soghluaiseachta.....</b>	<b>22</b>
<b>Ploteus.....</b>	<b>23</b>
<b>Scoileanna Eorpacha .....</b>	<b>23</b>
<b>ACADEMIA.....</b>	<b>23</b>
<b>Comhdhálacha AE.....</b>	<b>24</b>
<b>Líonra Eorpach um Bheartas Treorach ar Feadh an tSaoil (ELGPN) .....</b>	<b>24</b>
7. <b>GINEARÁLTA.....</b>	<b>25</b>

Foilseacháin, Acmhainní agus Ábhair .....	25
Suíomh gréasáin.....	25
Suíomh gréasáin Euroguidance .....	25
Leathanach Facebook Euroguidance.....	25
<i>NCGE News</i> .....	25
Soláthar Faisnéise agus Comhdhálacha.....	29
Forbairtí TFC in LNTO .....	29
<b>Gníomhaíochtaí Ginearálta</b> .....	29
8. Tuarascáil Airgeadais.....	31
Maoiniú LNTO .....	31
Cuntais Achoimre LNTO 2015.....	31
FOIREANN LNTO IN 2015 .....	32
BAILL DE CHOISTE UM BHAINISTIÚ TREORACH LNTO.....	32
Gluais.....	34



## BROLLACH ÓN GCATHAOIRLEACH

Cuirimse fáilte roimh an Tuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir seo ó LNTO don bhliain 2015.

Bliain a bhí inti inar tharla athrú suntasach do LNTO agus a fhoireann nuair a bhog sé chuig áitreabh nua ar ais sna hoifigí bunaidh Léargas agus LNTO i Sráid Pharnell, Baile Átha Cliath. Is ionann an t-athrú seo agus caibidil nua i saol LNTO agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhoighne agus comhoibriú fhoireann LNTO leis an athrú mór seo. Ach go háirithe, admhaím an tacaíocht a thug an tUas. Jim Mullin, Stiúrthóir Léargas a chuidigh leis an bpróiseas seo le neart scile agus fadbhreathnaitheachta. Bhí foireann LNTO i gcónaí caoin agus fáiltiúil agus iad ag cur fáilte roimh cuairteoirí chuig a n-ionad oibre san am a chuaigh thart agus is féidir leo bheith amhlaidh agus iad mórtasach ag an spás a bhfuil seilbh glactha acu air le déanaí.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir seo deis le cur síos a thabhairt ar ghníomhaíochtaí praiticiúla LNTO sa bhliain seo a chuaigh thart, agus tugann sí léiriú an-inbhraite ar obair na gníomhaireachta thar raon leathan d'earnálacha san oideachas le freagracht as an treoir. Is ionann í agus taifead suntasach de ghnóthachtáil i gcomhthéacs an athraithe suntasaigh ag leibhéal eagraíochta agus ag leibhéal struchtúrtha LNTO freisin. Léiríonn an ráiteas go leanann LNTO de thiomantas fadtéarmach a choinneáil do thograí a bhí i gcónaí i gcroílár obair na gníomhaireachta agus atá freisin chomh freagrúil do na riachtanais a bhíonn de shíor ag athrú i réimse pholasaí agus cleachtas na treorach.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus gairmiúlacht leantach na foirne in LNTO faoi stiúir an-bhríomhar Jennifer McKenzie, Uas, mar stiúrthóir an Lárionaid. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don tacaíocht fhorleathan ó chomhghleacaithe ar an gCoiste um Bhainistiú Treorach agus ach go háirithe ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhghleacaithe a d'éirigh as i rith na bliana seo a chuaigh thart mar thoradh ar cheangaltas oibre eile, agus fáilte a chur roimh chomhghleacaithe nua ar an gcoiste. Is mór againn tacaíocht leanúnach na Roinne Oideachais agus Scileanna i gcuidiú le LNTO a fhís a chur i bhfeidhm agus cuidiú chun na torthaí a luaitear sa ráiteas seo a bhaint amach.

A handwritten signature in black ink that reads 'Paul King'.

Cathaoirleach, Coiste um Bhainistiú Treorach LNTO



## NÓTA AN STIÚRTHÓRA

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir don bhliain 2015 cur síos ar na gníomhaíochtaí leanúnacha i rith ama a bhí an-dúshlánach don Lárionad. Le linn, bhí an bhunfhoireann bheag thíos le hathruithe foirne agus neamhláithreachtaí mar thoradh ar thinnis fhadtéarmacha agus básanna teaghlaigh. Bhog LNTO oifigí arís don dara huair le trí bliana.

Le linn na tréimhse seo, áfach, lean an bhunfhoireann den soláthar ar na cuspóirí Straitéiseacha a aontaíodh do 2015 go 2017. I gcásanna áirithe is éard a bhí i gceist ná tús a chur leis na próisis a d'fhorbródh thar thréimhse trí bliana agus áiríodh freisin athruithe ar ghníomhaíochtaí agus freagrachtaí na foirne chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tugtar cur síos ar thorthaí leanúnacha agus forbartha an Lárionaid laistigh den tuarascáil seo lena n-áirítear cláir um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar agus an fhorbairt agus triail phiolótach nuálaíoch ar FGL ar líne do Threoirchomhairleoireacht um Shoghluaiseacht; an tacaíocht agus rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre éagsúla agus an comhoibriú agus tacaíocht leanúnach ó LNTO do ROS i bhforbairt an pholasaí sa Treoir.

Tá LNTO bródúil ach go háirithe as páirt a ghlacadh san fhorbairt ar uirlisí agus treoirlínte ELGPN do Bhallstáit, a foilsíodh sa bhliain 2015 chun tacú le polasaí agus cleachtas na treorach, agus leanfaimid d'eolas agus comhairle a thabhairt d'ár bpáirtithe leasmhara ag baint úsáide as na treoirlínte seo.

Mar thoradh ar bhogadh LNTO chuig áitreabh nua, ar ais "abhaile" chuig oifigí bunaidh Léargas agus LNTO, tugadh an deis do LNTO leanúint den chaidreamh iontach agus gníomhaíochtaí comhoibríocha le Léargas, agus spás oifige a choinneáil atá níos mó in oiriúint d'obair an Lárionaid.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leis an mbunfhoireann agus leis an conraitheoirí seachtracha ag obair le LNTO as a ndíograis leanúnach maidir le tacaíocht agus forbairt ar pholasaí agus cleachtas na treorach ar fud earnálacha an oideachais agus an bhreisoideachais agus na hoiliúna. Mar chríoch, ní mór dom aitheantas a thabhairt do thacaíocht leanúnach an Chathaoirligh, don Choiste um Bhainistiú Treorach, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Léargas agus an Roinn Oideachais agus Scileanna as a dtacaíocht leanúnach d'obair an Lárionaid agus na foirne.

Is mise le meas

Stiúrthoir, LNTO

# AN LÁRIONAD NÁISIÚNTA UM THREOIR SAN OIDEACHAS

Gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) is ea an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO), atá ag feidhmiú faoi scáth Léargas, le freagracht as tacaíocht agus forbairt ar chleachtadh na treorach i réimsí uile an oideachais agus bonn a chur le polasaí na Roinne i réimse na treorach.

D'aontaigh an Coiste um Bhainistiú Treorach 2013-2016 gurb iad seo a leanas Misean agus Fís LNTO:

**Misean:** *Forbairt agus tacaíocht do sholáthar treorach den scotha dhéanamh in earnáil an oideachais mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil ag teacht leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta*

**Fís:** *Cleachtadh na treorach a mhaoirsiú agus a mhúnlú chun cur ar chumas an fhoghlaim roghanna saoil oilte agus iomchuí a dhéanamh*

Agus sainmhíniú á thabhairt ar an treoir in earnáil an oideachais, bíonn LNTO á threorú ag Tuarascáil an Fhórait Náisiúnta um Threoir 2007 agus Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna 2005 a deir:

*‘Cuidíonn treoir le daoine, ar feadh a saol, a gcuid roghanna oideachais, oiliúna, gairme, pearsanta, sóisialta agus saoil a bhainistiú sa chaoi is go mbaineann siad a gcumas féin amach agus go gcuireann siad le forbairt na sochaí níos fearr’*  
(Fóram Náisiúnta um Threoir 2007)

*‘Baineann treoir sna scoileanna le sraith d’imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forásach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socruithe éifeachtacha faoina saol. Cuimsíonn sé trí réimse atá nasctha lena chéile; forás pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais agus treoir ghairme’* (Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéal ar Impleachtaí Alt 9 (c) den Acht Oideachais 1998, a bhaineann le rochtain mac léinn ar sholáthar treorach cuí.)

Tugtar cur síos anseo thíos ar na haidhmeanna straitéiseacha atá mar bhunús le hobair an Lárionaid (2015-2017).

## LNTO - AIDHMEANNA

Gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) is ea an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO), a bunaíodh sa bhliain 1995 agus atá ag feidhmiú faoi scáth Léargas.

Áiríonn leanas Aidhmeanna LNTO, mar atá luaite ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, na nithe seo a leanas:

1. Feidhmiú dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht a chur chun cinn i scoileanna, ionaid oideachais agus suíomhanna Breisoideachais agus Oiliúna
2. Feidhmiú dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht a chur chun cinn i suíomhanna neamhfhoirmiúla faoi réir tosaíochtaí náisiúnta
3. Comhairle a thabhairt faoi pholasaí agus straitéisí chun contanam na treorach a chothú i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil
4. Comhairle, tacaíocht, ábhair agus acmhainní a sholáthar don treoirchomhairleoireacht san oideachas agus sa Bhreisoiliúint agus Oiliúint (Breisoideachais agus Oiliúna)
5. Comhairle a thabhairt faoi oideachas agus oiliúint tosaigh sa treoirchomhairleoireacht atá ar ardchaighdeán agus ábhartha, agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sholáthar do chleachtóirí treorach
6. Soláthar na treorach a eagrú do náisiúnaigh na hÉireann sna Scoileanna Eorpacha
7. Cur le malartú an eolais ar sholáthar agus ar chleachtadh na treoirchomhairleoireachta le seirbhísí treorach agus fostaíochta eile, tríd an Lárionad Náisiúnta Acmhainne, (Lárionad Euroguidance) in Éirinn agus i mBallstáit eile AE freisin.

Agus a chuid aidhmeanna á gcomhlíonadh aige, tá LNTO, mar chomhchuid de Léargas, tiomanta d'obair i gcomhair agus i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), SOLAS, Stiúrtóirí Stáidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC), Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC), Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI), Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann (AEGAI), an tUdarás Ard-Oideachais (ÚAO), Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (NAPD), An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ranna Rialtais eile agus gníomhaireachtaí Náisiúnta agus Fostóirí mar is cuí.

### **Cuspóirí Straitéiseacha LNTO do 2015-2017**

Chun Aidhmeanna an Lárionaid a chur i bhfeidhm, cé go mbíonn treoir á soláthar ar fud earnálacha na fostaíochta, an oideachais agus na hoiliúna, agus go leantar d'fhócas na treorach ar feadh an tsaoil agus ar fud an tsaoil, áireoidh an príomhfhócas a bheidh ag Cuspóirí Straitéiseacha LNTO do 2015-2017 na nithe seo:

- (i) A bheith mar bhonn agus mar thaca chun polasaí ROS a fhorbairt maidir le treoir ar feadh an tsaoil in earnáil an oideachais agus na hoiliúna

- (ii) Tacaíocht agus forbairt do chleachtas treorach ardcháilíochta in earnáil na n-iar-bhunscoileanna agus an Bhreisoideachais agus na hOiliúna
- (iii) Cur chun cinn agus tacaíocht i dtaca le fócas náisiúnta agus AE ar sholáthar polasaí agus cleachtas AE

Fanfaidh LNTO inoiriúnaithe agus freagrúil do riachtanais agus tosaíochtaí an Aire agus na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Cuireann LNTO tacaíocht agus forbairt ar fáil do chleachtóirí treorach in earnáil an oideachais agus cothaíonn sé soghluaisteacht Eorpach agus gné Eorpach na treorach san oideachas agus oiliúint. Ba é LNTO an t-ionadaí ainmnithe ag ROS ag an Lónra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil (ELGPN) le linn saol an líonra (2007-2015)

Mar bhall den líonra EUROGUIDANCE, arna mhaoiniú ag an Clár an AE um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, cuidíonn an Lárionad freisin le daoine atá ag lorg eolais ar dheiseanna oideachais agus oiliúna san Eoraip. Tugann LNTO comhairle agus cúnamh do réimse leathan d’eagraíochtaí agus do dhaoine aonair atá páirteach san oideachas, san oiliúint agus san fhostaíocht maidir le cúrsaí treorach.



Léiriú grafaice ar obair LNTO agus comhoibriú le Páirtithe Leasmhara



# 1. COISTE UM BHAINISTIÚ TREORACH

Coiste um Bhainistiú Treorach LNTO (2013-2016)

D'ainmnigh an tAire Oideachais agus Scileanna Cathaoirleach agus baill an Choiste um Bhainistiú Treorach 2013-2016. Rinne Bord Léargas na baill seo a fhaomhadh agus a cheapadh don Choiste.

Tá téarmaí tagartha agus ról an Choiste um Bhainistiú Treorach ar fáil le híoslódáil ag:

[http://www.ncge.ie/uploads/ToR\\_MGC\\_Final\\_Oct2013.pdf](http://www.ncge.ie/uploads/ToR_MGC_Final_Oct2013.pdf)

## FOCHOISTE AIRGEADAIS

Buaileann an Fochoiste Airgeadais um Bhainistiú Treorach le chéile uair sa ráithe. Ullmhaíonn Léargas cuntais bhainistíochta don bhfochoiste, agus cuirtear tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Bhainistiú Treorach. Ar bhaill an fhochoiste Airgeadais tá Stiúrthóir LNTO, Cathaoirleach an Choiste um Bhainistiú Treorach, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ionadaí ó Choiste Airgeadais agus Iniúchta Léargas agus ionadaí ón Roinn Oideachais agus Scile. In 2015, ó tharla go dtugann SOLAS an maoiniú deontais anois don chlár agus don fhoireann Breisoideachais agus Oiliúna, tugadh cuireadh d'ionadaí ó SOLAS freastal ar an bhfochoiste.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ BAINISTÍOCHTA AGUS EAGRAÍOCHTA

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Bhainistiú Treorach (2013-2016) le linn 2015.

Le linn 2015, d'iarr an Coiste um Bhainistiú Treorach go lorgódh ROS ionadaí ó ETBI. Rinneadh Plean Straitéiseach LNTO 2015-17 a fhaomhadh ag ROS, Léargas agus baill den Choiste um Bhainistiú Treorach.

Sa bhliain 2015 leanadh den chóras um Athbhreithniú ar Bhainistiú Feidhmíochta na foirne, agus chuir an comhlacht seachtrach acmhainní daonna Company Peninsula tacaíocht bhreise acmhainní daonna ar fáil ar conradh.

Sa bhliain 2015, bhí seisear foirne lánaimseartha ag LNTO lena n-áirítear: Stiúrthóir, Comhordaitheoir an Chláir Treorach (Iar-bhunscoil), Oifigeach Treorach/Comhordaitheoir Euroguidance, Oifigeach Treorach (AEGI), Oifigeach Eolais agus Riarthóir Oifige.

Baineann dúshlán an-mhór do bhainistíocht agus oibríochtaí an Lárionaid sa bhliain 2015 leis an acmhainn laghdaithe chun tosaíochtaí straitéiseacha a chur i gcrích, mar thoradh ar líon laghdaithe na bunfoirne. Ar chúiseanna pearsanta éagsúla de chuid na foirne (i.e. Sos gairme, tinneas fadtéarmach agus bás teaghlaigh), bhí tionchar ag

neamhláithreachtaí fada ach ceadaithe ar chur i gcríoch na gníomhaíochtaí riachtanacha cláir faoi na spriocdhátaí a bhí leagtha amach ar dtús.

Ba é an príomhdhúshlán a bhí roimh LNTO/Euroguidance Éireann in 2015 ná an saoire tinnis fhadtéarmach don Chomhordaitheoir Euroguidance. Ag druidim le deireadh na bliana 2015, fuair LNTO cead ar deireadh ó ROS ball foirne sealadach a earcú don Lárionad Euroguidance; bhí an próiseas earcaíochta seo deacair, áfach. Chun maolú ar na deacrachtaí mar thoradh ar shaoire tinnis fhadtéarmach an Chomhordaitheora Euroguidance, rinne an Stiúrthóir athdháileadh ar ról agus tograí oibre sonracha an Lárionaid Euroguidance chuig baill uile LNTO laistigh den Lárionad. Rinneadh é seo chun a chinntiú gur cuireadh obair agus tograí lárnach an Lárionaid Euroguidance i gcrích, ach ba ghá tograí eile a chur in ord tosaíochta nó a chur ar ceal bunaithe ar an bhfoireann a bhí ar fáil.

Toisc gur fhill ball foirne amháin ó Shos Gairme sa ráithe dheiridh de 2015, bhí ar LNTO seirbhísí a cheannach ar conradh ó sholáthraí Seirbhísí Faisnéise cuí chun *NCGE News* a chur in eagar agus a fhoilsiú agus chun suíomh gréasáin LNTO agus Euroguidance a chothabháil, a chur in eagar agus tacú leo.

Lean LNTO de chonarthaí d'fhoireann agus gníomhaireachtaí seachtracha le seirbhísí sonracha a sholáthar i réimsí amhail modúil FGL ar líne a fhorbairt agus a riar.

## 2. GNÍOMHAÍOCHTAÍ IAR-BHUNSCOILE

### ACMHAINNÍ AGUS ÁBHAIR A SHOLÁTHAR D'IAR-BHUNSCOILEANNA

Tá an Lámhleabhar Scoil um Threoir (ISSN 2009-6801), lámhleabhar ar líne do threoirchomhairleoirí, a sheol LNTO i Meán Fómhair na bliana 2013, ar fáil do threoirchomhairleoirí agus scoileanna uile ag [www.schoolguidancehandbook.ncge.ie](http://www.schoolguidancehandbook.ncge.ie)

Soláthraíonn an Lámhleabhar Scoile um Threoir acmhainní ar líne mar threoir agus mar thaca d'fhorbairt agus do sheachadadh an chláir um threoir scoile. Is féidir le scoileanna clárú leis an lámhleabhar chun teachtaireachtaí a fháil maidir le hábhar. Bhuail Painéal Eagarthóireachta LNTO, a bunaíodh sa bhliain 2013, ar a bhfuil ionadaithe ó Chigireacht ROS agus na Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht, le chéile roinnt uaireanta in 2015, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar a cuireadh isteach, chun moltaí a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an ábhair, agus chun athruithe eagarthóireachta a mholadh mar ba chúil roimh an fhoilsithe.

Lean LNTO de sheirbhísí a fháil ar conradh ón gComhordaitheoir, Treoirchomhairleoir Iar-bhunscoile ar scor agus iar-oiliúnaí ar an gclár um Phleanáil Treorach Scoile Uile.

Rinne LNTO nuashonrú ar an liosta poist don Lámhleabhar um Threoir Scoile agus spreag treoirchomhairleoirí agus scoileanna clárú do theachtairachtaí. Bhí 1,400 seoladh r-phoist ar an gcóras in 2015.

Cuireann LNTO na hailt laistigh den rannóg a bhaineann le Treoirlínte Polasaí agus Cleachtais ar fáil as Gaeilge freisin toisc go n-áiríonn an rannóg sin faisnéis, treoirlínte agus teimpléid mar bhonn le polasaí um threoir scoile.

### Staitisticí ar úsáid

#### ÍOSLÓDÁLACHA

Event Label	Total Events	Unique Events
	2,165 % of Total: 96.78% (2,237)	1,082 % of Total: 55.27% (7,886)
1. Best Practice, Ethical and Legal Considerations in Psychometric Testing for Guidance Counsellors (EN)	364 (16.81%)	314 (17.58%)
2. Data Protection for the Guidance Counsellor: Issues To Plan For (EN)	335 (15.47%)	275 (15.48%)
3. Career Sailboat Model as a tool for the Guidance Counsellor (EN)	177 (8.19%)	153 (8.57%)
4. Bereavement: How Guidance Counsellors Can Support The Grieving Student (EN)	154 (7.11%)	92 (5.15%)
5. Planning the School Guidance Programme (EN)	134 (6.19%)	98 (5.64%)
6. Data Protection Consent in the School Context (EN)	117 (5.40%)	99 (5.54%)
7. A Guide for post-primary schools in developing a policy for the use of assessment instruments (including tests and web-based resources) (EN)	91 (4.20%)	85 (4.78%)
8. Anger Management in the Classroom (EN)	80 (3.70%)	72 (4.03%)
9. Self-Care: Some Prescriptions for Calm Living (EN)	70 (3.23%)	62 (3.47%)
10. Ethical Research in Guidance Counselling (EN)	64 (2.95%)	54 (3.02%)

Is féidir le cuairteoirí ar shuíomh an Lámhleabhair Scoile um Threoir na hailt éagsúla a íoslódáil le léamh sa todhchaí agus le húsáid ar scoil. Léiríonn an tábla thíos na deich n-alt a rinneadh an líon íoslódálacha is mó orthu ón Lámhleabhair Scoile um Threoir sa bhliain 2015.

Maidir leis na hait sin a bhaineann le polasaí a foilsíodh as Gaeilge, rinneadh 42 alt san iomlán a íoslódáil. Seo briseadh síos de na heachtraí sin (uimhreacha ina ndiaidh = líon iomlán na n-eachtraí/eachtraí uathúla):

- Cosaint Sonraí: Toiliú i gComhthéacs na Scoile 15/12
- Cosaint Sonraí don Treoirchomhairleoir: Nithe le Pleanáil ina Leith 15/12
- Cúrsaí Dea-chleachtais, Eitice agus Dlí sa Tástáil Shíciméadrach do Threoirchomhairleoirí 7/6
- Treoir d'iarbhunscoileanna maidir le beartas a fhorbairt i dtaca le húsáid húsáid ionstraimí measúnachta 2/2
- An Clár Treorach Scoile a Phleanáil 2/1
- Ag Plé le hAincheisteanna Eiticiúla sa Treoirchomhairleoireacht 1/1

## COISTÍ AGUS GRÚPAÍ OIBRE

Tionólann agus glacann LNTO páirt i gcoistí agus grúpaí oibre ar son ROS. Seo a leanas na gníomhaíochtaí don bhliain 2015.

### **Coiste Comhairleach ar Fhorfheidhmiú Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna**

Thug ROS agus SOLAS cuireadh do LNTO páirt a ghlacadh sa Choiste Comhairleach ar Fhorfheidhmiú Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna (SIAC) mar chomhpháirtí infheidhmithe den straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019. (Féach an roinn faoi Threoir d'Aosaigh le haghaidh tuilleadh sonraí)

### **Coiste Comhairleach ar Thástáil Shíciméadrach**

Tionólann LNTO cruinniú an Choiste Comhairligh ar Tástáil Shíciméadrach uair sa bhliain ar son ROS. Is í Stiúrthóir LNTO atá ina cathaoirleach ar an gcoiste seo, a thionóltar i LNTO i mí Bealtaine gach bliain.

Ar an gCoiste tá ionadaithe ó ROS, LNTO, SNSO, IGC, Cumann Tacaíochta Foghlama na hÉireann (ILSA), Cumann Síceolaíoch na hÉireann (PSI) agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann (CIC).

Rinne ROS an cinneadh sa bhliain 2015 nach dtiocfadh an Coiste le chéile uair sa bhliain ach uair gach 2-3 bliana. Mar sin féin, d'oibrigh LNTO go dlúth le ROS ar fhoilsiú na hmlitreach nua 0034/2015, ina raibh liosta d'ionstraimí measúnachta ceadaithe. *“Uirlisí Measúnachta (lena n-áirítear trialacha agus acmhainní gréasán-bhunaithe) atá ceadaithe le húsáid sa treoir agus/nó sa tacaíocht foghlama in iarbhunscoileanna ó Bhealtaine 2015 go dtí go bhfógrófar a mhalairt”*

[http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/clo034\\_2015\\_ir.pdf](http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/clo034_2015_ir.pdf)

**Grúpa Oibre ROS ar aitheantas na gclár oiliúna tosaigh sa treoirchomhairleoireacht**

Tháinig an grúpa oibre seo, a bhunaigh ROS in 2012, le chéile cúig huaire le linn 2015. Ar na baill tá ionadaithe ó Aonad Polasaí Curaclaim agus Measúnaithe ROS (CAP), Rannóg Breisoideachais agus Scileanna, Cigireacht ROS, SNSO agus LNTO. D'áirigh na téarmaí tagartha don ghrúpa oibre seo na nithe seo a leanas: plé le ceisteanna ar nós na gcrítear d'aitheantas ar threoirchomhairleoirí le hobair in institiúid atá faoi shainordú ROS; prótacail a bhunú trínar féidir cúrsaí a bhfuil aitheantas mar threoirchomhairleoir mar thoradh orthu a bheith ceadaithe ag an Roinn; prótacail a bhunú trínar féidir athruithe ar chúrsaí a bhfuil aitheantas mar threoirchomhairleoir mar thoradh orthu a bheith ceadaithe ag ROS.

I Márta na bliana 2015, chomhoibrigh LNTO le ROS chun an dréacht den Chreat um Aitheantas ar Chúrsaí a fhoilsiú do chomhairliúchán poiblí. Fuair ROS deich n-aighneachtaí. Rinneadh plé agus athbhreithniú ar an dréacht leathdheireanach ag fóram comhairliúcháin ina raibh ionadaithe ó eagraíochtaí agus daoine aonair a raibh aighneacht déanta acu mar chuid den chéad chéim sa chomhairliúchán. Tháinig an grúpa comhairliúcháin seo le chéile sa Chlogtheach in ROS an 4 Samhain. Thug ROS agus Stiúrtóir LNTO agus an Comhordaitheoir Cláir Treorach cuir i láthair chuig an bhfóram comhairliúcháin.

Thug aiseolas a bailíodh ó chruinniú an fhórait treoir don dréacht deireanach den Chreat um Aitheantas ar Chláir i mí na Nollag 2015. Thug LNTO tacaíocht do ROS sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus sa dréachtadh den leagan deireanach den doiciméad dar teideal Creat um Aitheantas ar Chláir: Treoirchomhairleoireacht; Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir faoi dheireadh 2015. Cuireadh a doiciméad seo i gcrích agus foilsíodh é ina dhaidh sin i Márta 2016.

### **Grúpa Oibre um Threoir Iar-bhunscoile**

I ndiaidh fhoilsiú *'Athbhreithniú ar Sholáthar na Treoirchomhairleoireachta i Scoileanna Dara Leibhéal, 2012-2013: Tuarascáil faoi na tátail'* de chuid LNTO, d'iarr an Coiste um Bhainistiú Treorach ar LNTO an Grúpa Oibre um Threoir Iar-bhunscoile a thionól agus d'aontaigh na Téarmaí Tagartha don ghrúpa.

Ar bhaill an Ghrúpa Oibre, a bhfuil Stiúrtóir LNTO mar Chathaoirleach air, tá ionadaithe ó Chigireacht ROS, DSGC, IGC, CNCM, LNTO agus SNSO. Bhí trí chruinniú ag an grúpa seo le linn 2015.

- dréachtadh torthaí foghlama um threoir do bhlianta 1-6 in iar-bhunscoileanna
- ainmníodh na príomhshonraí cáilíochta agus cainníochta, móide bailiú fianaise agus sonraí treorach i scoileanna – scaipeadh suirbhé ar scoileanna le comhlánú maidir leis an gcineál sonraí a bheadh úsáideach le cur san áireamh in acmhainn ar líne.

### **Comhoibriú le JCT agus IGC maidir le treoir i gCreat an Teastais Shóisearaigh**

Thionól LNTO cruinniú foirmiúil le IGC agus JCT sa bhliain 2015 maidir le dearadh agus forbairt ar chlár FGL do threoirchomhairleoirí. Ag obair le chéile, d'aontaigh an fhoireann LNTO/JCT/IGC:

- deiseanna a fhiosrú amhail Gearrchúrsaí agus Eispéiris Foghlama Eile do sholáthar na treorach sa Chreat don tSraith Shóisearach.
- go gcuirfí clár FGL do threoirchomhairleoirí ar fáil i gcomhar le JCT, agus ábhar an chláir sin le comhaontú ag LNTO/IGC agus JCT.
- go ndéanfaí tagairt do sholáthar treorach na Sraithe Sóisearaí i scoileanna laistigh de na ceardlanna Sraithe Sóisearaí do Phríomhoidí.

Cuireadh moill ar chur i bhfeidhm FGL do threoirchomhairleoirí, a bhí beartaithe ar dtús don bhliain 2015, mar gheall ar chainteanna náisiúnta ROS agus ceardchumann; mar sin féin, lean LNTO agus IGC ag bualadh lena chéile chun comhoibriú ar fhorbairt an dréachtchláir agus ábhair srl.

### **Grúpa Stiúrtha ROS um Maoirseacht ar Threoirchomhairleoireacht**

Cheap QCAP LNTO chuig an nGrúpa Stiúrtha um Maoirseacht. Stiúran an grúpa seo an soláthar do mhaoirseacht treoirchomhairleoireachta do threoirchomhairleoirí atá bunaithe in iar-bhunsoileanna. Eagraíonn Rannóg Oideachas Múinteoirí ROS é seo 3 huairde sa bhliain. Déantar an tseirbhís a bhainistiú ag Ionad Oideachais Mhuineacháin agus a chomhordú trí líonra brainsí IGC. Freastalaíonn LNTO ar na cruinnithe i gcáil chomhairleach.

### **FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH (FGL) A SHOLÁTHAR DO THREOIRCHOMHAIRLEOIRÍ IN IAR-BHUNSCOILEANNA**

Rinne LNTO clár FGL a dhearadh agus a sheachadadh sa tástáil shíciméadrach do threoirchomhairleoirí ag obair i scoileanna in 2015. Bhain an clár FGL úsáid as modheolaíocht foghlama cumaisc i.e. meascán den ríomhfhoghlaim le ceardlanna duine le duine. Baineadh úsáid as oideolaíocht an tógachais shóisialta. Rinneadh an clár FGL a sheachadadh ar ocht n-ócáid i suíomhanna éagsúla ar fud na hÉireann, ó Chorcaigh go Gaillimh.

In Imlitir 0034/2015 maidir le hionstraimí measúnachta aibhsíodh an dea-chleachtas i riar trialacha agus rinneadh ROS liosta d'ionstraimí measúnachta a ullmhú agus a dháileadh ar scoileanna i mBealtaine 2015. Forbraíodh ábhar digiteach freisin don Lámhleabhar Scoile um Threoir chun tacú le cleachtas na tástála i scoileanna e.g. teimpléad do pholasaí do scoileanna i dtaca leis an tástáil shíciméadrach.

### 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ IN EARNÁIL AN BHUNOIDEACHAIS AGUS AN OIDEACHAIS NEAMHFHOIRMIÚIL

Sa phlean straitéiseach do LNTO 2015-2017 tugadh cur síos ar na tosaíochtaí i gClár Oibre LNTO. Cé gur oibrigh LNTO leis na múinteoirí acmhainne Bunscoile le blianta fada, ní raibh cruinnithe dá leithéid á gcomhordú ag an ngrúpa sin a thuilleadh. Mar sin féin, lean Oifigigh Treorach laistigh den Lárionad d'ailt a aimsiú mar ba chúil do *NCGE News* ar cheisteanna a bhain leis an treoir in earnáil an bhunoideachais agus an oideachais neamhfhoirmiúil.

Foilsíodh ailt a bhain le gníomhaíochtaí oideachais neamhfhoirmiúil in Eagrán 43; *Preparing for Enterprise; A community response to Economic and Social Challenges in the Inner City*. lch 14 agus Eagrán 44; *A Multimedia approach to CPD*.

Ar filleadh dí i Meán Fómhair 2015, bhunaigh an tOifigeach Eolais naisc le EURODESK atá bunaithe i Léargas agus tugadh cuireadh di Seastán Eolais a sholáthar ag an ócáid líonra EURODESK 'Time to Move' a eagraíodh i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair 2015. Foilsíodh alt faoin ócáid seo ar leathanach 20 de *NCGE News* 44 [http://www.ncge.ie/uploads/LNTO\\_News\\_44.pdf](http://www.ncge.ie/uploads/LNTO_News_44.pdf)

## 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ IN EARNÁIL AN AOSOIDEACHAIS/AN BHREISOIDEACHAIS AGUS NA HOILIÚNA

### COMHORDÚ AEGI

Rinne LNTO comhordú ar an Tionscnamh Treorach um Oideachas Aosach (AEGI) ar son ROS go dtí 2014. An 1 Iúil 2013, tháinig na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) san ionad ar na Coistí Gairmoideachais. Tá 39 Seirbhís AEGI ann go náisiúnta atá mbainistiú in 2015 ag na 16 BOOanna agus WIT.

I gcomhaontú Seirbhíse na bliana 2015 idir ROS, Léargas agus LNTO tugtar soiléiriú ar ról leasaithe LNTO i dtaca le AEGI.

*Tá SOLAS freagrach as an maoiniú, comhordú ar an bhforbairt agus meastóireacht ar Thionscnamh na Treorach um Oideachas Aosach (AEGI) laistigh de struchtúir bhainistíochta na mBord Oideachais agus Oiliúna. Maoineoidh SOLAS obair LNTO chun tacú leis an bhforbairt ar pholasaí agus soláthar na treorach sa Bhreisoideachas agus Oiliúint, le ETBI agus BOOanna chun forbairt agus forfheidhmiú a dhéanamh ar thosaíochtaí straitéiseacha an Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna mar a bhaineann sí leis an treoir.*

Chuaigh LNTO i gcomhairle le rannóg Breisoideachais agus Scileanna ROS agus le SOLAS chun eolas agus comhairle a thabhairt maidir le hábhair inní i leith sholáthar leanúnach sheirbhísí AEGI i ndiaidh chumasc na gCoistí Gairmoideachais isteach sna 16 BOOanna.

Bhuail Stiúrthóir LNTO le SOLAS agus thug eolas dóibh, chun soiléiriú a thabhairt maidir le ról na treorach agus na forbairtí atá de dhíth do threoir in earnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna, sular foilsíodh Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna ROS 2014-2019.

### STRAITÉIS BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ROS - COISTE COMHAIRLEACH UM FHORFHEIDHMIÚ STRAITÉISEACH SOLAS (SIAC)

D'fhreastal LNTO ar cheithre chruinniú (Feabhra, Aibreán, Iúil agus Deireadh Fómhair) in 2015 mar chomhpháirtí ceannais san SIAC.

Mhol ROS go bhfuil gá le comhdhlúthú ar na gníomhartha uile maidir le treoir agus dul chun cinn a bhaineann leis na riachtanais chéanna a tharraingt le chéile agus a mheas ag an SIAC toisc gur aithníodh go raibh na bealaí atá ann faoi láthair ag cur mearbhaill ar na daoine a bhfuil treoir de dhíth orthu.



I mBealtaine 2015, d'fhorbair ETBI agus LNTO dréacht-chreat náisiúnta do Straitéis Chomhtháite um Threoir don Bhreisoideachas agus don Oiliúint. Ceann de chuspóirí na straitéise is ea soiléire a sholáthar i dtaca leis na struchtúir atá thart ar na seirbhísí treorach sa Bhreisoideachas agus san Oiliúint amach anseo. Ag obair i gcomhar lena chéile, chuaigh LNTO i gcomhairle le comhordaitheoirí treorach AEGI, agus chuaigh ETBI i gcomhairle le grúpa oibre na mbainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna maidir leis an dréacht-straitéis. Le linn 2015, rinneadh an dréacht a leasú.

Lean LNTO den mhonatóireacht ar sholáthar seirbhísí AEGI trí na tuairiscí Cáilíochta agus Cainníochta. Chuir LNTO na Tuairiscí Feidhmiúcháin i gcrích, a tugadh don ghrúpa Comhairleach agus a cuireadh ar fáil do na seirbhísí agus bainistíocht AEGI uile le híoslódáil tríd an Lámhleabhar AEGI gréasán-bhunaithe.

Cuireann LNTO monatóireacht agus tacaíocht ar fáil don Chóras Bainistíochta Treorach d'Aosaigh (AGMS), bunachar eolais cliaint agus bainistíochta na AEGIanna. Bunaithe ar eolas ó sheirbhísí AEGI agus riachtanais tuairiscithe ROS, ainmníonn LNTO athruithe agus forbairtí atá de dhíth in AGMS leis an soláthraí TF. Sa bhliain 2015 rinneadh athruithe chun rochtain phoiblí a cheadú ar an Lámhleabhar Treorach d'Aosaigh.

Chuir LNTO tacaíocht theicniúil ar fáil do sheirbhísí agus d'fhoireann AEGI agus bhí i gcaidreamh le bainistíocht BOO/WIT maidir leis na seirbhísí AEGI ar bhonn rialta.

Tá ball foirne amháin, sa ról mar Oifigeach Treorach, ag LNTO atá ag obair go sainiúil ar an gclár AEGI/Breisoideachais agus Oiliúna, ag tuairisciú don Stiúrthóir. I mí na Nollag 2015, cheadaigh ROS an post mar Chomhordaitheoir Cláir Treorach (Breisoideachas agus Oiliúint). Ceapfar an ról seo, ag leibhéal ag Phríomhoifigigh Cúnta, le comhordú a dhéanamh ar chlár LNTO d'earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear Straitéis Treorach a fhorbairt chun na seirbhísí AEGI a áireamh. A luaithe agus a d'fhaomhaigh ROS an post seo, chuir LNTO an t-iarratas ar dheontas isteach chuig SOLAS chun an post a mhaoiniú.

## PLSS

In Aibreán 2015, bhuaill an comhordaitheoir PLSS, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) le Stiúrthóir LNTO Stiúrthóir agus Oifigeach Treorach d'Aosaigh LNTO agus 12 comhordaitheoir AEGS agus thug cur i láthair dóibh i dtaca leis an gCóras Tacaíochta do Chláir agus d'Fhoghlaimeoirí (PLSS). Príomhthaca is ea forbairt PLSS chun **Cuspóir Straitéiseach 4 den Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019** a bhaint amach chun samhail nua pleanála agus maoinithe a chur i bhfeidhm don Bhreisoideachas agus Oiliúint agus soláthróidh sé an phríomhfhoinsé sonraí maidir le aschuir, torthaí agus feidhmíocht cláir.

## FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

Rinne LNTO Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh (i gcomhar le láithreoirí, oiliúnóirí, an lucht acadúil agus gairmeoirí sa réimse) chuig na Seirbhísí Treorach Aosoideachais.

Eagraíodh comhdháil lae ar Sholáthar Seirbhíse d'fhoireann AEGS an 21 Bealtaine 2015 sa Chlogtheach. Thug na daoine seo a leanas cur i láthair

An Dr Siobhan Neary, Leas-Cheannaire iCeGS, maidir le *Professional Identity*.

Fergal Blanchfield, Oifigeach Cásanna agus Bernadette O'Rourke, Comhordaitheoir Treorach d'Aosaigh maidir le *Working Well Together The Kilkenny Experience DSP – ETB Interagency Protocol*

Seirbhís Treorach agus Eolais d'Aosaigh Chiarraí maidir le *Remote Platform Guidance*

Mary Stokes, Seirbhís Treorach Aosoideachais CDETB maidir le *Working effectively with Asylum Seekers, Refugees and Migrants to Ireland*

D'fhreastal 72 ball foirne ó sheirbhísí náisiúnta AEGS ar an gcomhdháil seo.

Eagraíocht ceardlann lae d'Oifigigh Eolais Treorach d'Aosaigh an 22 Bealtaine le 25 ball foirne i láthair. Cuireadh ceardlanna ar fáil maidir leis na Meáin Shóisialta agus Teicníc Alexander.

Cuireadh FGL Náisiúnta dhá lá ar fáil i samhradh na bliana 2015 mar seo a leanas:-

Lá a hAon – 7 Iúil, 2015 – 55 i láthair  
*Chaos Theory* leis an Ollamh Robert Pryor

Lá a Dó – 8 Iúil, 2015 – 45 i láthair  
*Telephone and Remote Platform Approaches to Guidance* le Liane Hambly

Eagraítear an clár FGL, do róil shainiúla foirne agus don tSeirbhís ina hiomláine, agus léiriú is ea é orthu araon. Nuair ab' fhéidir, rinneadh taifeadtaí de na cuir i láthair a uaslódáil i bhformáid fise ar Lámhleabhar AEGI ar líne.

## LÁMHLEABHAR GRÉASÁN-BHUNAITHE AEGI

Déanann LNTO an lámhleabhar ar líne do AEGI a bhainistiú agus a fhorbairt ar son ROS. Rinneadh an Lámhleabhar ar líne a leasú agus a athlainseáil i Meán Fómhair 2014, agus é athainmnithe mar *Lámhleabhar Treorach d'Aosaigh*. Tugann sé seo rochtain phoiblí do chách, cé go bhfuil clárú de dhíth do rochtain shlán ar ranna agus acmhainní ar leith atá dírithe ar ghairmeoirí treorach amháin. Is féidir é seo a rochtain go díreach nó tríd an leathanach baile ar shuíomh gréasáin LNTO. [www.ncgeadultguidance.ie](http://www.ncgeadultguidance.ie)

Nuair ab' fhéidir, rinneadh taifeadtaí de na cuir i láthair agus ceardlanna FGL a uaslódáil i bhformáid fise ar Lámhleabhar AEGI ar líne. Thug LNTO le fios do threoirchomhairleoirí atá ag obair san Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna níos leithne, trí *Higher Options* agus Comhdháil IGC go raibh an acmhainn ar líne seo ar fáil dá n-úsáid freisin.

## 5. GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARDOIDEACHAIS

Mar thoradh ar an rath ar bhí ar an líne teileafóin treorach Springboard de chuid Oifig Rochtana Náisiúnta FSS i mblianta roimhe sin, ghlac LNTO páirt arís le FSS san earcaíocht ar fhoireann a bhí cáilithe mar ba chúí don líne teileafóin Springboard.

Lean Stiúrthóir LNTO de chaidreamh le hionadaithe ó Chumann na Seirbhísí Gairme Ardoideachais (AHECS) maidir leis an bhFóram Náisiúnta um Threoir agus an Chomhdháil Náisiúnta.

Áiríonn *NCGE News* ailt maidir le ceisteanna treorach sa bhreiseoideachas agus aibhsítear samplaí den chleachtas agus acmhainní nuálaíocha.

### **STIÚRTHÓIR STAIDÉAR SA TREOIRCHOMHAIRLEOIREACHT (DSGC)**

Rinne LNTO óstáil agus cathaoirleacht ar thrí chruinniú de choiste na Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC) in 2015. Tá ionadaithe ar an gCoiste seo ó na cúig Ollscoil in Éirinn a chuireann clár oideachais agus oiliúna tosaigh don treoirchomhairleoireacht ar fáil. Áiríonn siad seo Stiúrthóirí na gclár in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Luimnigh agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is é sainordú an Choiste ná ceisteanna polasaí, sóisialta agus cleachtadh sa treoirchomhairleoireacht a scrúdú agus na himpleachtaí atá acu seo d'fhorbairt, do sholáthar, d'ábhar agus don athbhreithniú ar chláir oideachais agus oiliúna tosaigh sa treoirchomhairleoireacht.

Rinne LNTO cathaoirleacht freisin ar dhá chruinniú a bhí ag na Stiúrthóirí le IGC in 2015.

### **Foghrúpa DSGC chun plé a dhéanamh ar fhorbairt an Chomhaontaithe PSI ar Thástáil Shíciméadrach**

Bhuail LNTO agus DSGC le Cumann Síceolaíochta na hÉireann (PSI) chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le clár trialacha síceolaíochta a fhorbairt do threoirchomhairleoirí. D'aontaigh an páirtithe uile go n-áireodh an clár athfhorbartha treoirchomhairleoirí a fuair cáilíocht roimh 1999. D'oibrigh LNTO ar athdhréachtadh an Chomhaontaithe seo le linn 2015, in éineacht le hionadaithe ó ROS, DSGC, IGC, AEGAI agus PSI.

Is í aidhm an Chomhaontaithe leasaithe an dea-chleachtas a chothú sa tástáil shíciméadrach agus a chinntiú go mbeidh na treoirchomhairleoirí atá cláraithe ar an gclár ina n-úsáideoirí trialacha cumasacha. Ina theannta sin tabharfadh aghaidh ar cheist na sábháilteachta poiblí toisc go bhfanfaidh an clár le heagraíocht atá bunaithe in Éirinn.

Nuair a fhoilseofar an clár athfhorbartha spreagfar na Stiúrthóirí, LNTO, IGC agus AEGAI na treoirchomhairleoirí le clárú air.

Tháinig an Coiste Comhairleach ar Thástáil Shíciméadrach le chéile Dé Luain 25 Bealtaine 2015 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Liosta ROS d'Ionstraimí Measúnachta do Thacaíocht Foghlama agus Treoir. Thug sé deis freisin do bhaill an DSGC ionchur a thabhairt don Ghrúpa Comhairleach atá beartaithe i dtaca le Liosta Measúnachta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta.

## 6. GNÍOMHAÍOCHTAÍ IN EARNÁIL TREORACH NA HÉORPA

### EUROGUIDANCE

Leanann LNTO den diminsean AE sa treoir ar feadh an tsaoil a chur chun cinn trí eolas ábhartha a scaipeadh tríd an ríomhíris ar líne *NCGE News*,

Samhradh 2015; Roinn Euroguidance Leathanaigh 21-26 <http://ncge.12.ie/issue-43/index.html>

Geimhreadh 2015: Roinn Euroguidance Leathanaigh 20-21  
[http://www.ncge.ie/uploads/LNTO\\_News\\_44.pdf](http://www.ncge.ie/uploads/LNTO_News_44.pdf)

Lean an Lárionad Euroguidance d'eolas a sholáthar chuig cliaint tríd an leathanach Facebook ar na meáin shóisialta <https://www.facebook.com/EuroguidanceIreland>

Cuireann LNTO Euroguidance agus soghluaiseacht chun cinn trí fhreastal ar chruinnithe náisiúnta agus réigiúnacha, trí chaidreamh rialta idir LNTO, ROS, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, SOLAS (FÁS mar a bhí) agus ranna rialtais eile, lena n-áirítear an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP).

### Grúpa Tagartha na hÉireann do Thionscnaimh AE in Oideachas agus Scileanna

D'oibrigh an Comhordaitheoir Euroguidance i gcomhar le Stiúrthóir LNTO chun leanúint den chomhpháirtíocht agus comhoibriú lenár gcomhghleacaithe i QQI agus EQF, NARIC, Léargas agus ROS i nGrúpa Tagartha na hÉireann do Thionscnaimh AE. Tionóladh tríú cruinniú i Samhain 2015. Labhair Stiúrthóir LNTO ar son ról Euroguidance, PLOTEUS agus ELGPN in Éirinn

<http://www.europass.ie/europass/IrishReferenceGroupforEUInitiativesinEducationandSkills.html>

### MODÚIL FGL AR THREOIRCHOMHAIRLEOIREACHT SOGHLUAISEACHTA

Príomhfhócas amháin don Lárionad Euroguidance in 2015 ab ea cur i gcrích ar fhorbairt agus triail phiolótach ar mhodúil FGL um Threoirchomhairleoireacht Gluaiseachta ar Líne. Sa chlár FGL seo tá naisc dhíreacha chuig acmhainní ábhartha don treoirchomhairleoir, chun tacú leis an scoláire roghnú agus pleanáil do thorthaí foghlama soghluaiseachta.

Toisc go ndearnadh an clár FGL seo a fhorbairt ar dtús sa tSualainn agus é a aistriú, tá sé seo curtha in oiriúint ag Euroguidance Éireann do chleachtóirí treorach na hÉireann.

Ag an gcruinniú Líonra EG i Helsinki, thug EG Éireann cur síos do chomhghleacaithe EG ar na forbairtí go dtí seo.

## **PLOTEUS**

Tá Euroguidance Éireann ina bhall de ghrúpa comhordaithe PLOTEUS EQF an Choimisiúin Eorpaigh le tamall de bhlianta anuas. Tá maoiniú ar leith á fháil ag LNTO d'fhorbairt a bhaineann le tairseach PLOTEUS. Lean LNTO den obair le comhairleoir ar conradh do ITBÁC ar *Development of a Cloud-based solution for interconnection of national datasources to PLOTEUS II*. Lean Euroguidance Éireann den chomhoibriú le Euroguidance na hOstaire ar an togra seo. Toisc go raibh an Comhordaitheoir Euroguidance as láthair bhí ar an Stiúrthóir a bheith páirteach go díreach sa togra seo.

## **SCOILEANNA EORPACHA**

Ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna, tacaíonn LNTO agus déanann comhordú ar an tseirbhís treorach do na Scoileanna Eorpacha ([www.eursec.org](http://www.eursec.org)). Áiríonn an soláthar treorach bealaí éagsúla de sholáthar na treorach, treoir ghrúpa agus aonair do scoláirí, oícheanta eolais do thuismitheoirí agus seirbhís teileafóin agus ar líne ina measc.

Agus an Comhordaitheoir Euroguidance as láthair, thóg Oifigeach Eolais LNTO, le tacaíocht ón Stiúrthóir, freagracht as an comhordú ar sholáthar na seirbhíse treorach chuig na Scoileanna Eorpacha ar fhilleadh di ó shos gairme san fhómhair.

Fostaíodh treoirchomhairleoir ar conradh le cuairt a thabhairt agus le hobair le Scoileanna Eorpacha ábhartha sa Bhruiséil agus i Lucsamburg. Cuireadh soláthar treorach chuig scoileanna níos lú ar fáil trí Skype (i.e. glaoch físe ar líne ó Éirinn) chun a chinntiú go mbeidh an deis ag scoláirí Éireannacha teacht ar sheisiúin treorach le treoirchomhairleoirí Éireannacha. Rinneadh an tseirbhís Skype seo a thairiscint do, agus a chomhordú in éineacht le, Scoileanna Eorpacha i Frankfurt, Mol, Varese, Alicante, Bergen, Culham, Karlsruhe agus Munich.

Rinneadh caidreamh le 88 scoláire agus 9 dtuismitheoir i mbliana, i gcomhthéacs ina raibh cúinsí eisceachtúla amach is amach ann sa Bhruiséil, le rabhadh ard faoin sceimhlitheoireacht agus “glasadh síos slándála” nuair a bhí an Treoirchomhairleoir ar cuairt.

## **ACADEMIA**

Le breis agus 10 mbliana rinne LNTO comhordú ar Academia (Malartán Eorpach na dTreoirchomhairleoirí) in Éirinn, atá á mhaoiniú anois ag an gclár Erasmus+. Ar an drochuair, níl LNTO ábalta a thuilleadh ról a imirt in Academia toisc go bhfeidhmíonn LNTO faoi scáth Léargas atá ainmnithe mar Ghníomhaireacht Náisiúnta Erasmus+ in Éirinn.

D'fhreastal Oifigeach Eolais LNTO ar chruinniú na gComhordaitheoirí Academia i Madrid na Spáinne i mí na Nollag chun rannpháirtíocht fhéideartha amach anseo leis an líonra Academia, atá ann le fada, a phlé.

## COMHDHÁLACHA AE

Bhí sé beartaithe go bhfreastalódh an Comhordaitheoir Euroguidance ar roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta agus AE in 2015; ní raibh sé seo indéanta, áfach, mar thoradh ar a staid leighis agus neamhláithreachtaí arís agus arís eile mar thoradh ar thinneas.

- D'fhreastal an Stiúrthóir, agus thug cur i láthair ag comhdháil IAEVG sa tSeapáin i Meán Fómhair
- D'fhreastal an Stiúrthóir ar chruinniú líonra EG i Helsinki i mí na Samhna.
- D'fhreastal an tOifigeach Eolais ar chruinniú líonra na gComhordaitheoirí Academia ar son LNTO/Euroguidance i Madrid i mí na Nollag 2015
- D'fhreastal an tOifigeach Eolais ar an ócáid *Time to Move* i nDeireadh Fómhair 2015, a bhí eagraithe ag Eurodesk in Éirinn.

## LÍONRA EORPACH UM BHEARTAS TREORACH AR FEADH AN TSAOIL (ELGPN)

Tá comhoibriú córasach polasaí déanta ag an Líonra Eorpach um Bheartas Treorach ar Feadh an tSaoil (ELGPN) ag an leibhéal Eorpach le breis agus seacht mbliana agus raon cuimsitheach forbartha d'uirlisí tagartha agus foilseacháin AE d'fhorbairtí polasaí agus córais um threoir ar feadh an tsaoil. Le húsáid an bhosca uirlise seo ag na Ballstáit tacófar leis na comhpháirtithe rannpháirteach uile den Seimeastar Eorpach tionchar níos láidre agus níos trasghearrtha a bheith acu ar réimsí polasaí atá éagsúil agus gaolta (amhail polasaithe oideachais, cuimsithe sóisialta agus fostaíochta).

Sa bhliain 2007-15 d'fhoilsigh ELGPN roinnt cineálacha éagsúla de thorthaí. Is féidir iad seo a fháil i bhfoirm fhoilsithe ar shuíomh gréasáin an Líonra <http://elgpn.eu/publications>.

Is é LNTO an t-ionadaí ainmnithe d'Éirinn ag ELGPN. D'fhreastal an Stiúrthóir agus an Comhordaitheoir Cláir Treorach ar thrí Chruinniú Iomlánacha in 2015

17<sup>ú</sup> Cruinniú Iomlánach – An Laitvia

18<sup>ú</sup> Cruinniú Iomlánach – Lucsamburg

19<sup>ú</sup> Cruinniú Iomlánach – An Fhionlainn.

i Meitheamh 2015, tugadh cuireadh do Stiúrthóir LNTO cur i láthair a dhéanamh chuig cruinniú an Fhórait Náisiúnta um Threoir nuabhunaithe i bPáras agus chuig an gComhdháil Treorach d'Aosaigh san Eastóin i nDeireadh Fómhair.

Lean LNTO/Éire ag feidhmiú mar chomh-cheannaire don ghrúpa oibre ar Dhearbhú Cáilíochta, i gcomhar leis an bPortaingéil. Ghlac LNTO páirt go gníomhach freisin sa ghrúpa oibre ar Scileanna Bainistíochta Gairme. Cuireadh an dá dhoiciméad i gcrích le foilsiú ag ELGPN i nDeireadh Fómhair (féach naisc thíos)

## 7. GINEARÁLTA

### FOILSEACHÁIN, ACMHAINNÍ AGUS ÁBHAIR

Tugann Suíomh Gréasáin LNTO [www.ncge.ie](http://www.ncge.ie) eolas do chliaint agus do pháirtithe leasmhara ar ról agus gníomhaíochtaí LNTO, le rochtain dhíreach ar an Lámhleabhar Scoile um Threoir, an lámhleabhar um Threoir d'Aosaigh agus ranna amhail “*Conas bheith i do Threoirchomhairleoir*”, cáipéisí polasaí agus taighde, agus polasaithe treorach agus soláthar in earnálacha an oideachais. Ar an leathanach baile tá sraith d'íomhánna a aibhsíonn eolas faoi “nithe nua”. Toisc go raibh an tOifigeach Eolais as láthair ar shos gairme ceadaithe go dtí Meán Fómhair 2015, cheannaigh LNTO seirbhísí ar conradh ó chomhairleoir seachtrach Seirbhísí Faisnéise d'fhonn a chinntiú go raibh monatóireacht, riarachán agus nuashonrú ar an suíomh.

Rinne comhairleoir um Sheirbhísí Faisnéise iniúchadh gréasáin cuimsitheach in 2015 chun cuidiú le tuilleadh cainteanna maidir le forbairt agus uasghrádú shuíomh gréasáin LNTO do 2016/17.

### SUÍOMH GRÉASÁIN

Taispeánann tuairiscí ar shuíomh gréasáin LNTO na bliana 2015 (trí “Google Analytics”) go raibh 16,692 cuairteoir ar an suíomh gréasáin, agus 37,454 “amharc leathanaigh uathúla” (53,860 amharc leathanaigh san iomlán). Cuairteoirí nua ar an suíomh ab ea 77.2% díobh seo, agus cuairteoirí ag filleadh athuair ab ea 22.8% díobh.

### SUÍOMH GRÉASÁIN EUROGUIDANCE

Cothaítear suíomh gréasáin Lárionad Euroguidance Éireann LNTO mar mhicreashuíomh de phríomhshuíomh gréasáin LNTO [www.euroguidance.ie](http://www.euroguidance.ie)

### LEATHANACH FACEBOOK EUROGUIDANCE

Tá Leathanach Facebook LNTO Euroguidance bunaithe mar ghné poiblíochta de Euroguidance Éireann. Go dtí seo tá 1356 ‘is maith liom’ faighte.

### NCGE NEWS

Is éard is *NCGE News* (ISSN 2009-6941) ann ná nuachtlitir/iris idirghníomhach ar líne LNTO a fhoilsíonn ailt agus léirmheasanna ar sholáthar na treorach thar earnáil an oideachais. Foilsíonn LNTO an ríomhiris *NCGE News* dhá uair in aghaidh na bliana. *LNTO News* (Baile Átha Cliath. Ar líne)

I ngach eagrán de *NCGE News* aibhsítear samplaí de pholasaí agus cleachtas treorach, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, chun eolas a thabhairt do sholáthraithe treorach in



earnálacha na n-iarbhunscoileanna, an ardoideachais, na treorach d'aosaigh agus neamhfhoirmiúla. Ag díriú ar théamar ar leith do gach eagrán, áiríonn ríomhíris *NCGE News* ailt ar an dea-chleachtas ónár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta chomh maith le nuashonruithe maidir le gníomhaíochtaí an Lárionaid Euroguidance, ELGPN agus an Fóram Náisiúnta um Threoir, léirmheasanna ar shuíomhanna gréasáin, aipeanna d'fhóin chliste agus leabhair ábhartha.

Sa bhliain 2015 d'áirigh na téamaí sin:

Eagrán an tSamhraidh: *Leading and Shaping Guidance Practice*

<http://ncge.12.ie/issue-43/index.html>

Eagrán an Gheimhridh: *The Role of CPD*

[http://www.ncge.ie/uploads/LNTO\\_News\\_44.pdf](http://www.ncge.ie/uploads/LNTO_News_44.pdf)

Léiríonn staitisticí *NCGE News* (trí Mailchimp) líon na gcóipeanna de ríomhíris *NCGE News* a aimsíodh ar líne le linn 2015 mar seo a leanas:

### **Staitisticí iomlána don bhliain dar críoch 31.12.15**

4888 soláthar rathúil iomlán

3759 oscailt iomlán

4801 clic iomlán

1637 oscailt uathúil = 33. 5%

451 clic uathúil = 9. 23%

### **FÓRAM NÁISIÚNTA UM THREOIR**

Rinne LNTO dhá chruinniú a chomhordú agus a eagrú den Fhóram Náisiúnta um Threoir in 2015 an 30 Aibreán agus an 3 Nollaig.

Bhí an chéad chruinniú de 2015 ann Dé hAoine 8 Bealtaine sa Chlogtheach, ROS, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. Clliceáil ar an nasc chun na cuir i láthair a fheiceáil.

Lean fócas an chruinnithe de théama na Treorach ar Feadh an tSaoil – An Bonn Fianaise a Thógáil, le béim ar leith ar Ghuth an Úsáideora/an tSaoránaigh. Bhí áthas ar LNTO fáilte a chur roimh chainteoirí ó “Guthanna Óga” – grúpa éascaithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) agus Comhairle Náisiúnta na nÓg (NYCI) a thug “Guth an Úsáideora” dúinn.

Bhí an dara cruinniú den Fhóram Náisiúnta um Threoir ann an 3 Nollaig 2015. Ag an gcruinniú seo den Fhóram, thug Comhordaitheoir ELGPN an Dr. Raimo Vuorinen na hUirlisí Deiridh ELGPN go foirmiúil d'ionadaí na Roinne Oideachais agus Scileanna Breda Naughton in éineacht le baill ón bhFóram Náisiúnta um Threoir in Éirinn.

Dhírigh Stiúrthóir LNTO agus an Dr. Vuorinen ar an obair atá déanta go dtí seo, le ballraíocht stádais iomlán na hÉireann in ELGPN agus clár oibre dírithe an Líonra.

Tugann na huirlisí treoirlínte agus acmhainní creata tagartha do bhallstáit chun polasaithe agus cleachtas náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a athnuachan.

Uirlisí ELGPN Uimh. 4: Polasaithe a Bhaineann le Scileanna Bainistíochta Gairme a Dhearadh agus a Chur i bhFeidhm

Uirlisí ELGPN Uimh. 5: An Dearbhú Cáilíochta agus Bonn Fianaise don Treoir ar Feadh an tSaoil a Neartú

Uirlisí ELGPN Uimh. 6: Treoirlínte d'Fhorbairt ar Pholasaithe agus Córais don Treoir ar Feadh an tSaoil

D'fhógair LNTO don bhFóram, d'fhonn leanúint den obair ar a dtugtar cur síos in uirlis ELGPN Uimhir 5 um dhearbhu cáilíochta agus polasaí bunaithe ar fhianaise agus forbairt córais, féachann LNTO le grúpa oibre a bhunú do bhaill an Fhóram fócas a dhíriú ar threoirlínte QAE ag an leibhéal náisiúnta, chun riachtanais sa chomhthéacs Éireannach a léiriú.

Le cainteanna i ngrúpaí, cuireadh ar chumas na ndaoine a bhí i láthair athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina bhféadfaí na trí huirlisí – CMS, QAE agus Treoirlínte a úsáid ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta.

Ghabh LNTO buíochas leis na heagraíochtaí sin a ghlac páirt agus a chuir le cainteanna an Fhóram go dtí seo agus shoiléirigh go leanfaidh an Fóram Náisiúnta um Threoir isteach in 2016, le cabhair ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Rinne LNTO suirbhé Aiseolais leis na rannpháirtithe agus na daoine fuair cuireadh chun a bheith i láthair ag an bhFóram. D'fhéach an suirbhé seo ar ionadaíocht ag an bhFóram agus moltaí do rannpháirtithe eile; an aidhm a bhí acu siúd a bhí ag freastal ar an bhFóram agus cé acu ar baineadh í seo amach; léiriú suime sa rannpháirtíocht i ngrúpa oibre LNTO ar Dhearbhú Cáilíochta (QA) sa treoir; úsáid na n-uirlisí ELGPN, a foilsíodh i mí na Samhna agus a tugadh do ROS i mí na Nollag 2015.

Léirigh na freagraí na nithe seo a leanas:

Bhí ráta freagartha 50% ann

Bhí 90% ann a bhí sásta páirt a ghlacadh sa ghrúpa oibre QA

Bhí 100% ann a raibh sé mar chuspóir acu freastal ar an bhFóram do líonrú, comhoibriú agus comhroinnt eolais

Bhain 70% amach a gcuspóir (cheap 45% go raibh an Fóram an-chabhrach, cheap 33% go raibh sé cabhrach agus cheap 22% go raibh sé measartha cabhrach)

Bhí 95% ann a raibh suim acu i rannpháirtíocht leantach i gcainteanna an Fhóraitm etc.



*Lucht freastal ar an bhFóram náisiúnta – Nollaig 2015*

## SOLÁTHAR FAISNÉISE AGUS COMHDHÁLACHA

Bíonn seastáin ag LNTO gach bliain ag comhdhálacha Institiúid na dTreoirchomhairleoirí i mí an Mhárta, agus *Higher Options* i Meán Fómhair. Cuireann sé seo rochtain dhíreach ar LNTO ar fáil do threoirchomhairleoirí agus do chliant eile an Lárionaid. Agus an tOifigeach Eolais tagtha ar ais, rinneadh athbhreithniú ar na taispeántais a d'fhéadfadh LNTO freastal orthu le linn na bliana acadúla chun a fheiceáil conas is fearr a d'fhéadfadh LNTO a phróifíl a ardú i measc a pháirtithe leasmhara.

## FORBAIRTÍ TFC IN LNTO

Baineann LNTO úsáid as an Timpeallacht Foghlama Fíorúla (VLE) chun tacú le hobair na gcoistí atá tugtha le chéile ag LNTO, amhail Painéal Eagarthóireachta an Lámhleabhair Scoile um Threoir, Stiúrthóirí Staidéar na Treoirchomhairleoireachta agus cláir ábhartha eile. Tá rochtain ar an VLE trí <http://vle.ncge.ie>

Lean LNTO de cheistneoirí Survey Monkey™ a úsáid d'aiseolas agus measúnú ar líne agus measúnú ar cheardlanna FGL agus gníomhaíochtaí AEGI chomh maith le caidreamh a chruthú le ranpháirtithe san Fhóram Náisiúnta um Threoir.

Lean LNTO d'úsáid a bhaint as cainéal Vimeo LNTO chun óstáil a dhéanamh ar acmhainní físeán-bhunaithe ar shuíomh gréasáin LNTO.

Áiseanna físchomhdhála trí Adobe Connect - cheannaigh LNTO ceadúnas do Adobe Connect d'fhonn cruinnithe sioncrónacha ar líne agus FGL a éascú. Rinne LNTO roinnt cruinnithe a óstáil trí Adobe Connect agus forbraíodh acmhainní chun tacú le foireann LNTO agus úsáideoirí seachtracha an tArdán a úsáid.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ GINEARÁLTA

I rith na bliana 2015, lean LNTO de dhoiciméid eolais agus faisnéise a sholáthar maidir le treoirchomhairleoireacht agus saincheisteanna a bhaineann le treoir d'earnáil an oideachais agus an bhreisoideachais agus oiliúna chuig oifig an Aire agus rannóga éagsúla de chuid na Roinne. Thug LNTO eolas freisin do SOLAS agus Ranna agus gníomhaireachtaí eile (e. g. SNSO, CNCM, GLEN).

I mí Eanáir, i ndiaidh cainteanna le Rannóg Ardoideachais ROS i mí na Nollag 2014, rinne LNTO aighneacht i dtaca leis an todhchaí don bhunachar Qualifax. Tugadh cuireadh do LNTO cur i láthair a dhéanamh ag cruinniú comhairliúcháin in ROS chun todhchaí Qualifax a phlé. Tugadh cuireadh do LNTO chuig cruinniú eile le ROS. B'í aighneacht LNTO, agus is mar sin a fhanann a haighneacht, gur uirlis treorach é bunachar sonraí Qualifax agus mar sin gur chóir é a bheith bainistithe agus comhordaithe ag LNTO, mar atá sa sainchúram ainmnithe ag ROS.

I mí an Mheithimh, rinne LNTO aighneacht, a dréachtaíodh leis an ngrúpa oibre um Threoir Iar-bhunscoile, chuig CNCM maidir le hainmniú agus áireamh na Treorach laistigh den réimse Folláine sa chlár nua don tSraith Shóisearach.

I ndiaidh fhoilsiú na dtreoirlínte GLEN agus LNTO in 2013 - *Ag Tacú le Scoláirí Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha agus Trasinscneacha: Ról na dTreoirchomhairleoirí*, Chuaigh GLEN i gcomhairle le LNTO in 2015 d'fhorbairt na hacmhainne "*Being LGBT in School*" do scoileanna. Dhéanfaidh an acmhainn nua seo comhdhlúthú ar na treoirlínte ábhartha uile, lena n-áirítear an ceann sin le LNTO, in aon acmhainn chuimsitheach amháin do scoileanna.

## 8. TUARASCÁIL AIRGEADAIS

### MAOINIÚ LNTO

Tagann bunmhaoiniú don Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann an tAonad um Pholasáí Curaclaim agus Measúnaithe (CAP) maoiniú do bhunchláir LNTO;

- tugann SOLAS an deontas do LNTO chun an clár AEGI agus Breisoideachas agus Oiliúint a mhaoiniú laistigh de LNTO;
- tugann Rannóg Idirnáisiúnta ROS maoiniú do chlár na Scoileanna Eorpacha;
- tacaíonn maoiniú an AE tríd an gclár Erasmus+ leis an Lárionad Euroguidance, ELGPN, agus clár Academia laistigh de LNTO.

Lean LNTO de chomhlíonadh a chinntiú le tuarascálacha éagsúla a chur i gcrích do ROS agus ranna rialtais eile maidir le nithe amhail airgeadas, comhshaol, éifeachtúlacht fuinnimh, soláthar agus ceisteanna parlaiminte srl.

### CUNTAIS ACHOIMRE LNTO 2015

Áiríonn an caiteachas mar atá sonraithe anseo thíos comhordú agus seachadadh na gclár thar speictream na treorach san fhoghlaim ar feadh an tsaol, tuarastail na foirne agus forchostais an Lárionaid.

Cuirtear tuarascálacha mionsonraithe airgeadais ar fáil in aghaidh na ráithe agus in aghaidh na bliana trí thuairiscí Ioncaim agus Caiteachais chuig ROS, Bord Léargas agus tuairiscí bliantúla airgeadais chuig an gCoimisiún Eorpach do chlár atá maoinithe ag AE.

### Cuntais Achoimre LNTO mar a luaitear i gcuntais iniúchta Léargas 2015

Foinse Maoinithe	Ioncam	Caiteachas
Aonad CAP de chuid ROS	506,000	441,581
SOLAS	178,999	178,999
Iomlán Eile: (a áiríonn: NRC – EUROGUIDANCE, Academia, Scoileanna Eorpacha, ELGPN)	114,509	178,928
<b>IOMLÁN</b>	<b>199,508</b>	<b>799,508</b>

## FOIREANN LNTO IN 2015

Jennifer McKenzie	Stiúrthóir
Linda Darbey	Comhordaitheoir Cláir Treorach
Hilary Lynch	Oifigeach Treorach (Comhordaitheoir EUROGUIDANCE)
Ursula Kearney	Oifigeach Treorach
James Hogan	Riarthóir Oifige – go deireadh Feabhra 2015
Jean Rafferty	Riarthóir Oifige – ó Mhárta 2015
Shivaun Gallagher	Oifigeach Eolais – a d’fhill ó Shos Gairme, Meán Fómhair 2015

## BAILL DE CHOISTE UM BHAINISTIÚ TREORACH LNTO

NOLLAIG 2015

1.	Breda Naughton	ROS
2.	Gerry Flynn	IGC
3.	Jennifer McKenzie	LNTO
4.	Jim Mullin	Léargas
5.	Paul King (CATHAOIRLEACH)	OCBÁC
6.	Shira Mehlman	SOLAS
<b><i>Baill Nua – 22 Meán Fómhair 2015</i></b>		
7.	Kathy Finnegan	NAPD
8.	Shane Rooney	AEGAI
9.	Stephen Fitzgerald	DSP
10.	Orla Christle	FSS
11.	Linda Neary	ROS
12.	Joe Cunningham	ETBI

BAILL DEN CHOISTE UM BAINISTIÚ TREORACH (2013-2016) A D'ÉIRIGH AS  
I RITH 2015

1. Elaine Quinn (DSP) a d'éirigh as – 12 Bealtaine 2015
2. Fidelma Collins (Léargas) a d'éirigh as – 12 Deireadh Fómhair 2015
3. John Wynne (AEGAI) a d'éirigh as – 12 Bealtaine 2015
4. Peter Brown (FSS) a d'éirigh as – 16 Aibreán 2015



## GLUAIS

ACCS	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
AEGAI	Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann
AEGI	Tionscnamh na Treorach um Oideachas Aosach
AEOA	Cumann na nOifigeach Aosoideachais
AGMS	Córas Bainistíochta um Threoir d'Aosaigh
CFE	Coláiste Breisoideachais
CIC	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CNES	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
DCYA	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
DEIS	Comhionannas Dheiseanna a Sheachadadh i Scoileanna
DSGC	Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht
DSP	An Roinn Coimirce Sóisialaí
ELGPN	Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna
IAEVG	Cumann Idirnáisiúnta do Threoir Oideachais agus Gairme
IGC	Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
ILSA	Gníomhaireacht Tacaíochta Foghlama na hÉireann
IVEA	Gníomhaireacht Gairmoideachais na hÉireann
JMB	Bord Bainistíochta Comhphárteach
LCAGP	Comhpháirtíocht Chathair Luimnigh um Threoir d'Aosaigh
NAPD	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha
PSI	Cumann Síceolaíochta na hÉireann

QCAP	Cáilíochtaí, Curaclam, Measúnú
ROS	Roinn Oideachais agus Scileanna
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
UAO	An tÚdarás um Ard-Oideachas
VEC	Coiste Gairmoideachais
VLE	Timpeallacht Foghlama Fhíorúil
WSGP	Pleanáil Treorach Scoile Uile